Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2018
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0058 (COD)**

10071/1/18
REV 1 ADD 1 REV 1

CODEC 1051
ECOFIN 618
RELEX 550
COEST 119
NIS 15

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear cúnamh macra-airgeadais breise ar fáil don Úcráin<br>**(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráiteas |

## RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA, ÓN gCOMHAIRLE AGUS ÓN gCOIMISIÚN

Meabhraíonn an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún go bhfuil sé mar réamhchoinníoll i dtaca le cúnamh macra-airgeadais a thabhairt nach mór don tír is tairbhí sásraí éifeachtacha daonlathacha a urramú - lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí - maille leis an smacht reachta, agus ráthaíocht a thabhairt go n-urramófar cearta an duine.

Déanfaidh an Coimisiún agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí faireachán ar chomhlíonadh an réamhchoinníll sin le linn shaolré an chúnaimh macra-airgeadais a thabharfaidh an tAontas.

I bhfianaise na gcoinníollacha nár comhlíonadh maidir leis an gcomhrac in aghaidh éilliú agus cealú gaolmhar an tríú tráthchuid ón gclár cúnamh macra-airgeadais roimhe sin faoi Chinneadh (AE) 2015/601, cuireann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún i bhfios go láidir go mbeidh cúnamh macra-airgeadais sa bhreis ag brath ar dhul chun cinn sa chomhrac i gcoinne éilliú. Chuige sin, cuimseoidh beartas eacnamaíoch agus coinníollacha airgeadais an Mheabhráin Tuisceana atá le bheith socraithe idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin oibleagáidí *inter alia* chun rialachas, an cumas riaracháin agus an leagan amach institiúideach a neartú, go háirithe don chomhrac i gcoinne éilliú san Úcráin, agus go sonrach maidir le córas fíorúcháin do dhearbhuithe sócmhainní, fíorú a dhéanamh ar shonraí maidir le húinéireacht thairbhiúil cuideachtaí agus cúirt dhea-fheidhmiúil speisialaithe frith-éillithe a bheidh i gcomhréir le moltaí Choimisiún na Veinéise. Ba cheart coinníollacha maidir le dul i ngleic le sciúradh airgid agus seachaint cánach a bhreithniú chomh maith. I gcomhréir le hAirteagal 4(4), i gcásanna nach gcloítear leis na coinníollacha, cuirfidh an Coimisiún íocaíocht an chúnaimh macra-airgeadais ar fionraí go sealadach nó ar ceal go hiomlán.

Chomh maith le Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi fhorbairtí maidir leis an gcúnamh agus doiciméid bhainteacha a chur ar fáil dóibh, déanfaidh an Coimisiún tuairisciú poiblí, nuair a íoctar gach tráthchuid ar leith, ar chomhlíonadh na gcoinníollacha beartais eacnamaíoch agus airgeadais go léir a bhaineann leis an íocaíocht seo, go háirithe na cinn siúd a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne éilliú.

Meabhraíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go gcuirfidh an cúnamh macra-airgeadais seo don Úcráin le luachanna a roinneann sí leis an Aontas, lena n-áirítear forbairt atá inbhuanaithe agus freagrach go sóisialta, agus a bhfuil cruthú fostaíochta agus laghdú bochtaineachta mar thoradh uirthi, chomh maith le tiomantas do shochaí láidir shibhialta. Cuirfidh an Coimisiún anailís ar thionchar ionchasach sóisialta an chúnaimh macra-eacnamaíoch in éineacht le Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme an Choimisiúin lena bhformheasfar an Meabhrán Tuisceana. I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh 182/2011, seolfar an anailís seo chuig Coiste na mBallstát agus cuirfear ar fáil don Pharlaimint agus don Chomhairle é trí chlár imeachtaí an choiste.